Sa bhaile

le BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

Cairt Custaiméirí Ghréasáin Bhord Gáis

Bealaí éasca chun léamh do mhéadair a thabhairt dúinn

Comhghairdeachas le Buaiteoirí an Chomórtais, 'Gás Saor in Aisce ar feadh Bliana'

Promoting sustainable forest management and recycling

BGESAH0807

Issue 5

Beidh eochair an bhosca méadair sin?

Má tá bosca méadair agat, beidh eochair an bhosca méadair sin uait más mian leat an bosca a oscailt chun léamh méadair a fháil.

Chomh maith leis seo, tá sé tábhachtach go bhfuil eochair an bhosca méadair agat ionas gur féidir leat do sholáthar gáis a mhúchadh ón bhosca méadair.

Cuir scairt ar Líonraí Bhord Gáis chun eochair bhosca méadair a ordú. Cuir scairt ar 1850 200 694

Le tuilleadh eolais a fháil ar shábháilteacht ó ghás nadúrtha léigh agus coinnigh an bhileog sábháilteachta a bhíonn istigh i gclúdach litreach do bhille.

Bealaí éasca chun léamh do mhéadair a thabhairt dúinn.

Cuirimid sé bhille gáis nádúrtha chugat in aghaidh na bliana de ghnáth agus bíonn trí cinn acu seo bunaithe ar léamh do mhéadair agus trí cinn bunaithe ar mheastacháin, de ghnáth. Déanann Gréasáin Bhord Gáis léamh an mhéadair agus na meastacháin seo.

Mura bhfuil Gréasáin Bhord Gáis in ann do mhéadar a léamh nó má tá tú ag iarraidh nuashonrú a chur ar fáil dúinn tar éis meastacháin, is féidir leat do léamh féin ón méadar a chur chugainn chomh maith, trí cheann amháin de na modhanna éasca seo.

Ar an nguthán

Cuir glaoch orainn ag 1850 632 632 agus lean treoracha an roghchláir.

Suíomh Idirlín

Logáil isteach ag www.bordgaisenergysupply.ie, téigh ag rannóg bhainistiú na gcuntas ar líne againn agus roghnaigh 'Seol an Léamh' ('Submit reading'). Más rud é nach bhfuil tú cláraithe go fóill, bíodh do bhille in aice láimhe agat chun clárú.

Léamh do mhéadair

Tá dhá chineál de mhéadar ann, is é sin, Méadar Digiteach nó Méadar Cárta Diaileanna (cloig).

Léamh do mhéadair

Tá é an léamh ar an méadar seo ná 5810

Méadar Cárta Dialeanna a léamh (cloig)

Is é an léamh ar an méadar seo ná 7479

Má léiríonn do mhéadar sraith diaileanna (cloig), ar nós an phictiúir thuas, ba cheart duit neamhaird a thabhairt ar an dá dhiail ag an mbarr agus úsáid a bhaint as na ceithre dhiail bheaga ag an mbun, chun do mhéadar a léamh.

Nuair a bhíonn léamh do mhéadair á thabhairt agat, ba cheart duit an diail ar clé a léamh ar dtús agus bogadh ar aghaidh ar dheis ansin.

Léiríonn suíomh an bhioráin ar an diail, léamh an mhéadair. Má tá an biorán idir dhá fhigiúr, bain úsáid as an bhfigiúr atá níos ísle .i. má tá sé idir 7 agus 8, bain úsáid as 7. Ach má tá an biorán idir 9 agus 0, bain úsáid as 9.

Comhghairdeachas le Buaiteoirí an Chomórtais, 'Gás Saor in Aisce ar feadh Bliana'

Tá breis is 14,000 custaiméir cláraithe againn anois, chun a gcuntas a bhainistiú ar ár suíomh idirlín www.bordgaisenergysupply.ie

Tugaimid 'gás saor in aisce ar feadh bliana' do chustaiméirí áirithe astu siúd a chláraigh linn, gach seachtain ar feadh 10 seachtaine le linn Aibreáin, Bealtaine & Meitheamh. Comhghairdeachas leis na buaiteoirí!

Seachtain 1: Mr. L. Cattano, Baile Átha Cliath 15
Seachtain 2: Mr. B. Duggan, Co. na Mí
Seachtain 3: Mr. J. Cahill, Port Láirge
Seachtain 4: Mr. T. Beatty, Co. Laoise
Seachtain 5: Ms. B. Douglas, Baile Átha Cliath 15
Seachtain 6: Mr. T. Murphy, Co. an Chláir
Seachtain 7: Ms. T. Hurley, Port Láirge
Seachtain 8: Ms. J. O'Brien, Baile Átha Cliath 24
Seachtain 9: Mr. P. Dicker, Co. Chill Dara
Seachtain 10: Mr. B. Meegan, Co. na Mí

Cláraigh ag www.bordgaisenergysupply.ie inniu chun:

- **Do bhille a fheiceáil agus a íoc**
- **Comhardú do chuntais a sheiceáil**
- **Faigh amach cathain a bheidh an chéad bhille eile ag teacht**
- **Léamh méadair a chur isteach**
- **Iarratas a chur isteach ar Dhochar Díreach**
- **Cuir Seirbhísiú Coire nó Doiteáin in áirithe**

Cairt Custaiméirí Ghréasáin Bhord Gáis.



Ceanglaíonn Gréasáin Bhord Gáis, atá mar rannóg de Bhord Gáis, custaiméirí uile an gháis nádúrtha leis an nGréasán agus tá siad freagrach as obair bhainteach eile a dhéanamh ag áitribh na gcustaiméirí. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá freagairt sábháilteachta agus éigeandála, leagan amach & modhnú na seirbhíse píblíne, chomh maith le suiteáil agus athrú na méadar. Tá cóip den Chairt Custaiméirí nua ag Gréasáin Bhord Gáis, iniata i gclúdach litreach do bhille.

Clúdaíonn Cairt Custaiméirí Ghréasáin Bhord Gáis, deich gcaighdeán feidhmíochta atá faoi ráthaíocht.

- **Freagra ar Ghlaochanna**
- **Slánúchán Luachana**
- **Bronnadh na gCoinní**
- **Seachadadh Seirbhíse**
- **Athcheangal Tiomantas**
- **Cur Isteach ar Sholáthar an Ghái**
- **Freagairt ar Éigeandálaí**
- **Athcheangal an tSoláthair Gáis**
- **Láimhseáil na nGearán**
- **Ráthaíocht Íocaíochta**

Léiríonn an Chairt tiomantas leanúnach Ghréasáin Bhord Gáis maidir leis na caighdeáin feidhmíochta is airde a chur ar fáil dá gcustaiméirí.

Má tá tú ag iarraidh níos mó eolais a fháil faoi Chairt Custaiméirí Ghréasáin Bhord Gáis:
Glaoigh ar **1850 200 694**
ríomhphost **networksinfo@bge.ie**

Nó is féidir féachaint ar na Cóid Cleachtais maidir le Custaiméirí Leochaileacha, Seirbhís Custaiméirí, Láimhseáil na nGearán agus Dícheangal, nó iad a íoslódáil, ag www.bordgais.ie/networks